# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí, samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile, srl.

## Roinn 1

## Ceadaigh 20 Ceist @ 3 mharc an ceann = 60 marc

1. 3 @ 1 mharc an ceann
   A = Clint, B = Aolchuisne, C = Piléar/Colún

2. 3 @ 1 mharc an ceann
   (i) Imbhuail faoi (ii) na hAindéis (iii) fillteacha Armarcacha

3. 3 @ 1 mharc an ceann
   (i) Droim an Atlantaigh Láir (ii) Ag Scaradh (iii) Sruthanna comhiompair

4. 1 @ 3 mharc
   Báicéir, oibrí monarchan, grúdaire, déantóir caibinéad

5. 3 @ 1 mharc an ceann
   (i) Fronta fuar (ii) Fronta te (iii) Iseabar

6. 3 @ 1 mharc an ceann
   (i) Léaslínte (ii) Húmas (iii) Ithreacha donna

7. 3 @ 1 mharc an ceann
   (i) Croí istigh (ii) Magma (iii) Teicteonaic phlátaí

8A. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 3 |
| B | **1** |
| C | 2 |
| D | 4 |

**NÓ**

8B. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Taismhéadar (ii) Línte comhghriandachta (iii) Báisteach chioclónach (fronta)

9A. 1 @ 3 mharc
Talamh a aisghabhadh ón bhfarraige

**NÓ**

9B. 1 @ 3 mharc
Cathair a bhfuil dhá oiread daonra inti is atá sa chéad chathair eile is mó daonra.

10A. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Eas (ii) Creimeadh abhann (iii) Uachtarach

**NÓ**

10B. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Imchuach (ii) Gláir (iii) Lúba

11. 1 @ 3 mharc
Téamh domhanda

12. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Cúnamh ceangailte (ii) Cúnamh forbartha (iii) Cúnamh éigeandála

13. 1 @ 3 mharc
2, 4, 5

14. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Portaigh ardaithe (ii) Neamh-inathnuaite (iii) Sléanta

15. 1 @ 3 mharc
Sráid Chill Dara

16. 3 @ 1 mharc an ceann
Barra a tarraingíodh, Contae Chorcaí 850, Contae na Mí 300, Contae Phort Láirge 450

17. 3 @ 1 mharc an ceann

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | 4 |
| B | **3** |
| C | 2 |
| D | 1 |

18. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Lár an chúlra (ii) Sa talamh láir ar chlé (iii) Fiar

19. 3 @ 1 mharc an ceann
(i) Fíor (ii) Fíor (iii) Bréagach

20. 1 @ 3 mharc
2.0 km

## Roinn 2

## Ceadaigh Trí Cheist @ 30 marc an ceann

**Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN**

**1A. Carraigeacha**

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Luaigh cé acu an bruthcharraig, carraig dhríodair nó carraig mheiteamorfach atá i bhfótagraf **A**.
**Grúpa carraigeacha ainmnithe @ 1m**
Pictiúr A = *Carraig dhríodair*

(ii) Luaigh cé acu an bruthcharraig, carraig dhríodair nó carraig mheiteamorfach atá i bhfótagraf **B**.
**Grúpa carraigeacha ainmnithe @ 1m**
Pictiúr B = *Bruthcharraig*

(iii) Ainmnigh sampla de charraig dhríodair.
**Carraig ainmnithe @ 1m**
*Carraig dhríodair bailí ar bith e.g. aolchloch, gaineamhchloch srl.*

(iv) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí ar cruthaíodh an charraig dhríodair a d'ainmnigh tú i gcuid (iii) thuas.
**Cur síos @ 7m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Iomlán 10m**

**1B. Síonchaitheamh**

Mínigh, agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, an tslí a ndéanann siocghníomhú síonchaitheamh ar charraigeacha.

**Léaráid Lipéadaithe @ 2m**
**Míniú @ 8m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
Féach amach do thagairt d'uisce ag bailiú i scoilteanna, an teocht ag titim, reonn agus leathnaíonn an t-usice srl.

**Iomlán 10m**

**1C. Ollghluaiseacht**

(i) Ainmnigh cineál **amháin** ollghluaiseachta moille agus tabhair cur síos ar **dhá** iarmhairt atá ag an ollghluaiseacht mhall sin.

**Cineál ainmnithe @ 1m**
*e.g. Ithirthéaltú/Sreabhadh ithreach nó cineál bailí ar bith d'ollghluaiseacht mhall.*

**Cur Síos déanta ar Dhá iarmhairt @ 3m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**
*e.g. fargáiníní, lúbann crainn srl.*

(ii) Mínigh an iarmhairt a bhíonn ag frasaíocht ar ollghluaiseacht.

**Míniú @ 3m (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**
*e.g. Déanann uisce an ithir níos troime,*
*Is féidir le huisce gníomhú mar bhealadh srl.*

**Iomlán 10m**

**Ceist 2.** **DROMCHLA AN DOMHAIN AGUS ÁR bPLÁINÉAD**

**2A. Iarmhairt Cheaptha Teasa**

Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad é an t-ainm a thugtar ar an imchlúdach gás atá mórthimpeall ar an domhan (**X**)?
**Gné ainmnithe @ 1m**
*An t-atmaisféar.*

(ii) Mínigh conas a tharlaíonn an iarmhairt cheaptha teasa.
**Míniú @ 7m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*e.g. Dónn gluaisteáin breoslaí iontaise nó cúiseanna bailí eile amhail líonadh talún, dífhoraoisiú, tréada móra eallaigh srl.*

(iii) Ainmnigh **dhá** dhóigh inar féidir an iarmhairt cheaptha teasa a laghdú.
**Dhá dhóigh ainmnithe @ 1m an ceann**
*e.g. Méadaigh an líon de ghluaisteáin leictreacha/hibride*
*Úsáid fuinneamh in-athnuaite*
*Insliú tithe*
*Méadaigh an úsáid as iompar poiblí srl.*

**Iomlán 10m**

**2B. Bolcáin**

(i) Ainmnigh bolcán beo **amháin**.
**Bolcán ainmnithe @ 2m**
*e.g.* Sliabh Etna nó bolcán gníomhach bailí ar bith.

(ii) Déan cur síos ar iarmhairt dhearfach **amháin** agus ar iarmhairt dhiúltach **amháin** atá ag bolcáin.
**Cur síos déanta ar iarmhairt dhearfach @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*e.g. Turasóireacht srl.*

**Cur síos déanta ar iarmhairt dhiúltach @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*e.g. Scriosann bolcáin cathracha srl.*

**Iomlán 10m**

**2C.** **Oighriúchán agus Cóstaí**

**Tabhair freagra ar** (i) **nó** (ii).

(i) **Oighriúchán**
Ainmnigh gné **amháin** a chruthaíodh de thoradh oighearchreimthe agus mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a cruthaíodh í.

**NÓ**

(ii) **Cóstaí**
Ainmnigh gné **amháin** a chruthaíodh de thoradh creimeadh cósta agus mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a cruthaíodh í.

**Gné ainmnithe @ 1m**
**Léaráid lipéadaithe @ 2m**
**Míniú ar fhoirmiú @ 7m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
**Is gá marc forbartha amháin a bhronnadh as próiseas.**

***Gnéithe de chreimeadh oighreach:*** *Coirí, Airéit, Adharc Phirimidiúil. Gleann i gCruth U, Loch Ribíneach, Gleann Crochta, Fiordanna agus Lochanna Slabhracha srl.*
***Próisis:*** *Sracadh, Scríobchaitheamh, Reo, Leá srl.*

***Gnéithe de chreimeadh cósta:*** *Aillte, bánna agus cinn tíre, uaimh, stua, stáca, stumpa, séidpholl, ardán tonnghearrtha srl.*
***Próisis:*** *Gníomh hiodrálach, scríobchaitheamh, aer comhbhrúite, cnaí, tuaslagadh, tonnta scriosacha srl.*

**Iomlán 10m**

**Ceist 3.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A, 3B, 3C, 3D.**

**3A. Imirce**

(i) Ainmnigh cineál **amháin** imirce eagraithe a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Imirce eagraithe ainmnithe @ 2m**
*e.g. Plandáil Uladh/Coilíniú Mheiriceá Theas nó sampla bailí ar bith d'imirce eagraithe.*

(ii) Mínigh **dhá** chúis gur tharla an imirce eagraithe seo.

**Dhá Mhíniú @ 2m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(iii) Tabhair cur síos ar **dhá** iarmhairt ag an imirce eagraithe seo ar an limistéar a ndeachaigh daoine ar imirce chuige.

**Dhá Chur Síos @ 2m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

**Iomlán 10m**

**3B. Pirimidí Daonra**

Scrúdaigh na pirimidí daonra thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh tír **amháin** ina bhfuil struchtúr an daonra cosúil le Pirimid **A**.

**Tír ainmnithe @ 1m**
*Tír ar bith sa domhan forbartha. e.g. Éire, an Ghearmáin srl.*

(ii) Ainmnigh tír **amháin** ina bhfuil struchtúr an daonra cosúil le Pirimid **B**.

**Tír ainmnithe @ 1m**
*Tír ar bith sa domhan atá i mbéal forbartha. e.g. Mailí, an tSúdáin, an Bhrasaíl srl.*

(iii) Cén céatadán den daonra iomlán i bPirimid A atá san aoisghrúpa 50-54.

**Líon iomlán @ 2 m**
*6% den daonra iomlán*

(iv) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil bonn níos leithne ar Phirimid **B** ná mar atá ar Phirimid **A**.

**Míniú Amháin @ 3m (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(v) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil barr Phirimid **A** níos leithne ná barr Phirimid **B.**

**Míniú Amháin @ 3m (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Iomlán 10m**

**3C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil**

Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an tír lipéadaithe **X**.
**Tír ainmnithe @ 1m**
*An Araib Shádach*

(ii) Ainmnigh an fhoinse fuinnimh is mó a shamhlaítear le tír **X**..
**Fuinneamh ainmnithe @ 1m**
*Ola*

(iii) Tabhair cur síos ar **dhá** iarmhairt dhearfacha a bhí ag saothrú na foinse fuinnimh seo ar thír **X**.
**Dhá Chur Síos déanta ar iarmhairt dhearfach @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*e.g. Ardchaighdeán maireachtála, d'athraigh sé an saol fánaíochta srl.*

**Iomlán 10m**

**3D. Tionsclaíocht**

(i) Luaigh cad is brí leis an téarma *tionscal gan chuing*?
**Ráiteas @ 1m**
*Tionscal nach bhfuil ceangailte le suíomh amháin ar bith.*

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de thionscal gan chuing?
**Sampla ainmnithe @ 1m**
*e.g. Intel/Hewlett Packard nó aon tionscal gan chuing eile.*

(iii) Is féidir le coimhlintí áitiúla teacht chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíochtaí geilleagracha tánaisteacha.
Ainmnigh sampla de choimhlint mar seo agus tabhair míniú ar an gcoimhlint sin.
**Coimhlint ainmnithe @ 2m**
*Mar shampla Indaver Incinerator, Co. Chorcaí srl.*

**Míniú @ 6m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Iomlán 10m**

## Ceist 4. TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH

### 4A. Uirbiú sa Domhan i mBéal Forbartha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.
**Cathair amháin sa domhan i mbéal forbartha ainmnithe @ 2m**
*e.g. Calcúta/Kolkatta nó cathair bhailí ar bith sa domhan seo i mbéal forbartha.*

(ii) Mínigh **dhá** fhadhb a bhaineann le fás uirbeach sa chathair seo sa domhan i mbéal forbartha.

**Dhá Mhíniú @ 4m an ceann (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*e.g. Easnamh tithíochta, brú ar an gcóras uisce srl.*

**Iomlán 10m**

### 4B. Athnuachan Uirbeach

(i) Mínigh cad is brí leis an téarma *athnuachan uirbeach*.
**Míniú Amháin @ 2m (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**
*e.g. Scartáil seantithe ídithe agus a n-athsholáthar le cóiríocht chónaithe nua-aimseartha*

(ii) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hathnuachan uirbeach do dhaoine áitiúla i gceantar uirbeach.
**Dhá Mhíniú @ 4m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*e.g. Beidh níos lú tithe tréigthe, saoráidí agus seirbhísí nua srl.*

**Iomlán 10m**

### 4C. Plódú Tráchta

(i) Déan cur síos ar chúis amháin a dtarlaíonn plódú tráchta i gcathracha na hÉireann.
**Cur síos Amháin @ 2m (Ráiteas 1 + Forbairt 1)**

(ii) Mínigh **dhá** mhodh dhifriúla chun plódú tráchta a laghdú i gcathracha na hÉireann.
**Dhá Mhíniú @ 4m an ceann (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**
*e.g. Línte buí dúbailte, daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as an iompar poiblí srl.*

**Iomlán 10m**

**Ceist 5. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF**


**5A**. Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis. Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- An t-imeallbhord ar fad
- Bóthar an N15
- Abhainn Dhroim Chliabh *(Drumcliff River)*
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach

**Ceithre ghné taispeánta agus lipéadaithe @ 2m an ceann.**

**Fráma agus Treoshuíomh @ 2m (1 + 1)**




Léaráid de Léarscáil SO (chun críche maisithe amháin)

**Iomlán 10m**

**5B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **dhá** ghréasán lonnaíocht tuaithe dhifriúla atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus úsáid tagairt eangaí sé fhigiúir chun na gréasáin sin a aimsiú.

**Dhá ghréasán lonnaíochta éagsúla @ 2m an ceann:**
**(Ainmnithe @ 1m + Tagairt eangaí @ 1m)**
*e.g. Ribín/Líneach ag G678 387*
*e.g. Cnuasta ag G674 391*

(ii) Mínigh cén fáth gur fhás gach ceann den **dá** ghréasán lonnaíochta a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas ag na suímh a d'aimsigh tú.

**Dhá Mhíniú @ 3m (Ráiteas 1 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

**Iomlán 10m**

**5C.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** atá tugtha leis an bpáipéar seo.

Tá roinnt feidhmeanna difriúla le feiceáil san aerfótagraf, iad seo ina measc:

- Tithíocht
- Caitheamh aimsire
- Feidhm eaglasta
- Tionsclaíocht

(i) Roghnaigh **trí** cinn de na feidhmeanna liostáilte thuas agus bain úsáid as an nodaireacht aitheanta chun sampla de gach ceann de na trí feidhmeanna seo a aimsiú san aerfótagraf.

**Trí Shuíomh @ 1m an ceann**
***Tithíocht*** *– Mar shampla Tulra ar chlé*
***Caitheamh aimsire*** *– Mar shampla Sa talamh láir ar chlé*
***Feidhm eaglasta*** *– Mar shampla Lár an chúlra*
***Tionsclaíocht*** *– Mar shampla An cúlra ar dheis*

(ii) Mínigh cén fáth gur tháinig forbairt ar cheann **amháin** de na feidhmeanna a roghnaigh tú i gcuid (i) thuas ag an suíomh a d'aimsigh tú.

**Míniú @ 4m (Ráiteas 2 + Forbairt 1 + Forbairt 1)**

(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil easpa forbartha i lár an chúlra san aerfótagraf.

**Míniú @ 3m (Ráiteas 2 + Forbairt 1)**
*e.g. Tarlaíonn tuile go minic sa cheantar seo, úsáidtear an ceantar seo le haghaidh feirmeoireacht srl.*

**Iomlán 10m**